

An Beartas maidir leis an gClár Ógtheagmhála – Béilí/Trealamh

Cuireann an Clár Ógtheagmhála raon leathan deiseanna oiliúna agus oideachais ar fáil do dhaoine óga, agus bronntar dámhachtainí QQI i leith a lán acu. Chun páirt a ghlacadh i gClár Ógtheagmhála, ní mór duit a bheith dífhostaithe, a bheith tar éis an scoil a fhágáil agus a bheith idir 15 bliana d’aois agus 20 bliain d’aois. Má tá tú 16 bliana d’aois nó níos sine, íocfar liúntas oiliúna leat, a bheidh ag brath ar d’aois. Bíonn Clár Ógtheagmhála ar siúl ar feadh na bliana agus cláraítear daoine leo ar bhonn leanúnach, mar sin is féidir leat páirt a ghlacadh i gclár ag am ar bith. Tá Ógtheagmháil á cómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.

Nuair a earcaítear foghlaimeoirí nua tugtar Pacáiste Rollaithe Ógtheagmhála dóibh lena chur i gcrích. Nuair a ghlactar le foghlaimeoir ar chlár, faigheann an foghlaimeoir sin liúntas oiliúna seachtainiúil. Tá an liúntas sin bunaithe ar aois agus bíonn íocaíochtaí breise le fáil freisin maidir le liúntais béile agus taistil, i gcás inarb infheidhme.

Mar chuid den Chlár Ógtheagmhála, oibrímid clár um ithe sláintiúil ina n-ullmhaítear bricfeasta agus lón do gach foghlaimeoir ar an láthair gach lá. Is cuid den íocaíocht é an liúntas béile chun bia a itear ar an láthair a chumhdach agus is cuid de scileanna pearsanta/chlár na bhfoghlaimeoirí é an bia sin a ullmhú freisin. Nuair a earcaítear iad, comhaontaíonn na foghlaimeoirí go sannfar an liúntas béile do thionscadal féinmhaoinithe a úsáideann gach Comhordaitheoir Ionad ansin chun tairbhe gach foghlaimeora. Is iondúil go síníonn an foghlaimeoir agus an Comhordaitheoir sainordú tráth a earcaíochta.

Bíonn ar na foghlaimeoirí ábhar ranga ar leith a fháil do chúrsaí áirithe, mar shampla trealamh sábháilteachta, táirgí áilleachta, etc. Eagraíonn an t-ionad bulc-cheannach an trealamh sin thar ceann na bhfoghlaimeoirí. Is é an foghlaimeoir a bheidh mar úinéir an trealamh nuair a bheidh an méid iomlán íochta ar ais chuig an Ionad Ógtheagmhála. Síníonn an foghlaimeoir agus Comhordaitheoir an Ionaid sainordú lena n-údaráítear an aisíocaíocht sin.

Uimh. an Bheartais: PL/031	Uimh. an Leagain: v1/2020
Leaganacha roimhe seo: N/B	Le héifeacht ón: 08/06/2020
Faofa/Fordhearbhaithe 15/06/2020	ag an mBord Dáta an Athbhreithnithe: 15/06/2022